
# Tuarascáil Riosca Oifige – Feabhra 2022

Tá próiseas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an Oifig, agus coiste bainistíochta riosca (RMC) aici ina bhfuil an triúr stiúrthóirí a dhéanann maoirseacht ar an bpróiseas. Tagann RMC le chéile gach ráithe agus déanann sé measúnú ar an dul chun cinn maidir le bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí a thaifeadtar ar chlár rioscaí na hOifige agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn.

Mar chuid den phróiseas bainistíochta riosca laistigh den Oifig, foilsíonn RMC an clár rioscaí corparáideacha ar an Idirlíon gach ráithe ina leagtar amach na 10 riosca is mó a léirítear ar 'theasléaráid déine' riosca. Is iad sin na rioscaí 'iarmharacha', agus rialuithe maolaitheacha curtha san áireamh. Tá míniú achomair ar gach riosca sa tábla atá i gceangal leis seo. Tá measúnú foriomlán RMC ar an dul chun cinn i mbainistiú na rioscaí a rátáiltear mar 'ard' tugtha sa roinn 'conclúidí'.




MEÁNACH

| Rangú | Riosca |
|---|---|
| 1 | Ganntanas foirne agus d'fhéadfadh nach n-uasmhéadófaí an acmhainneacht reatha foirne |
| 2 | Impleachtaí don Oifig mar thoradh ar fhorálacha ábhartha atá i reachtaíocht atá ar feitheamh |
| 3 | D'fhéadfadh páirtithe leasmhara a mheas nach leor spriocanna deimhniúcháin agus leibhéal an aschuir tuairiscithe |
| 4 | D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag acmhainneacht cliant ar a gcumas iniúchtaí agus scrúduithe a éascú |
| 5 | Nochtaí a rinneadh leis an Oifig nár tugadh freagra cuí orthu |
| 6 | Sláinte agus sábháilteacht foirne mar gheall ar obair ón mbaile thar thréimhse fhada agus riachtanais níos casta |
| 7 | Coinneáil agus eisiúint mhíchuí sonraí |
| 8 | Córais TFC neamhéifeachtacha as a dtiocfaidh neamhábaltacht ár ngnó a oibriú nó a bhainistiú go héifeachtach |
| 9 | An baol nach ndéanfar an t-athrú chuig timpeallacht oibre cumaisc a bhainistiú go leordhóthanach |
| 10 | D'fhéadfadh iompar míréasúnta gearánach tionchar diúltach a imirt ar an bhfoireann agus ar an lucht bainistíochta |

### Conclúidí ó RMC

Rinne RMC athbhreithniú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le rioscaí a bhainistiú mar a leagtar amach sna gníomhaíochtaí láimhseála riosca agus bhreithnigh sé rioscaí atá ag teacht chun cinn agus a tuairiscíodh. Níor tuairiscíodh aon rioscaí ar an gcóras tuairiscithe riosca.

Is é conclúid fhoriomlán an Choiste i mí Feabhra 2022 gurb amhlaidh go fóill a bhaineann na trí riosca iarmharacha is mó atá os comhair na hOifige le saincheisteanna acmhainnithe agus acmhainneachta, leis na himpleachtaí a bheidh ag forálacha atá i reachtaíocht atá ar feitheamh agus le hionchais na bpáirtithe leasmhara maidir le tráthúlacht iniúchóireachta agus le leibhéal an tuairiscithe aschuir.

Laghdaíodh an riosca go bhféadfadh iompar míréasúnta gearánach tionchar diúltach a imirt ar an bhfoireann agus ar an lucht bainistíochta mar gheall ar neartú na rialuithe sa réimse sin, i.e., comhaontaíodh beartas nua agus cuireadh oiliúint ghaolmhar ar fáil do leas-stiúrthóirí.

Maidir leis an riosca nach dtabharfar freagra cuí ar nochtaí a dhéantar leis an Oifig, tá sé bogtha suas go cuí sa rangú mar gheall ar na himpleachtaí a d’fhéadfadh a bheith ag reachtaíocht nua a bhfuiltear ag súil léi sa réimse sin.